Achill Tourism
Cashel, Achill Island, Co. Mayo
Tel: 098 47353
www.achilltourism.com

Siúlóid H

Tosnaíonn an tsiúlóid ag an gcarr-chlós ag Teach Ted Lavelle **(1)** i gCaiseal, Ag fágáil an carr-chlóis iompaigh ar dheis. Coinnigh ort thar Ionad Eachtraíochta Acla agus lean an chéad bhóthar ar dheis. Coinnigh ort díreach go deireadh an tsráidbhaile, áit a gcasann an bóthar tarra le cosán phortaigh. Is fiú am a thógáil anseo chun breathnú timpeall. Soir ó dheas trasna an chuain tá Cnoc Sáile (97m) agus baile fearann, Baile Thiar, le feiceáil. Tá Neifin Beag le feiceáil soir uait agus Sliabh a' Chorráin soir ó dheas.

Lean ort ar an gcosán ar feadh 250m agus iompaigh ar chlé ar chosán phortaigh eile. Baintear móin ar gach taobh **(2)** agus tá giúsach le feiceáil san áit a bhfuil an mhóin bainte. Cas ar chlé san áit a gcasann an cosán seo le cosán eile ag acomhal-T. Tá aiteann ag fás ar thaobh an chosáin anseo agus bíonn dath álainn buí ar an tírdreach nuair atá sé faoi bhláth. Os do chomhair amach tá Cnoc a'Chaisil (127m) agus níos fuide siar tá Cnoc Mhionnán lena chrann teilifíse le feiceáil. Seasann Sliabh Mór siar ó thuaidh. Lean ort chomh fada leis an áit a gcasann an chosán le bóthar tarra agus iompaigh ar chlé. Iompaigh ar chlé ag an bpríomhbhóthar (R319) níos fuide ar aghaidh agus fill ar an áit ar thosaigh tú.



Achill Tourism
Cashel, Achill Island, Co. Mayo
Tel: 098 47353
www.achilltourism.com

Siúlóid H

Pointí Suimiúla

Cuireann Ionad Eactraíochta Acla cúrsaí traenála ar fáil do pháistí agus do dhaoine fásta in imeachtaí éagsúla amuigh faoin aer ar nós bruth farraige, curachóireacht, siúlóid sléibhe srl.

An Caiseal: Tugann an caiseal atá suite ar an taobh thoir de Cnoc a' Chaisil 50m os coinn na farraige a ainm don bhaile fearann seo. Séard atá sa chaiseal ná dún ciorclach. Tugtar le fios go bhfuil níos mó ná 40,000 dúnta ciorclacha in Éirinn. Is iad sea an iarsma seandalaíochta is coitianta atá le fáil sa tír. Séard atá ann ná píosa talaimh a bhfuil claí fód nó balla ciorcllach cloch thart timpeall air. Baintear úsáid as go leor téarmaí difriúla le cuir síos a dhéanamh ar an iarsma seo, ina measc ráth, lios, cathair, caiseal agus dún. Cuireann na téarmaí ráth agus lios síos ar dúnta a bhfuil claí fód thart orthu agus cuireann cathair agus caiseal síos ar dúnta a bhfuil balla cloch mórthimpeall orthu. Níos luaithe sna scríbhinní b'ionann ráth agus an claí ciorclach agus b'ionann lios agus an talamh oscailte taobh istigh. Bhí cuid acu níos mó ná a chéile ach bhí an trastomhas 30m ar an meán sa talamh taobh istigh den chlaí nó den bhalla. B'áitribh cosanta formhór acu agus bhí iarsma de thithe ciorclacha nó dronuilleogacha le fáil toabh istigh de chuid acu. Leanadh de thógáil na lonnaíochta seo ar feadh tréimhse fada – ó go luath in Aois an Iarainn go dtí go luath sa Tréimhse Críostaí agus anuas go dtí mall sa Mheánaois.

(2) Ag baint na móna:

Is ar an bportach a baintear móin le haghaidh na tine. I dtosach scraitear an portach. Baintear an scraith righin uachtarach le spád. Ansin baintear an portach ina fóide le eisleán (sé go dtí ocht bhfóide ar leithead). Cuirtear an chéad agus an dara barr (agus an tríú barr in amanna) ar bhruach an phortaigh agus caitear an bunfhód amach i lag an phortaigh. Tar éis scaitheamh scairtear an mhóin. Nuair a bhíonn na fóide triomaithe tógtar den thalamh iad agus cuirtear chuile cheithre fhód ina seasamh in aghaidh a chéile agus fód trasna ar a bhárr. Tugtar grógán orthu seo. De réir mar a bhíonn triomach ann tógtar na grógáin agus déantar criopáin dóibh i. caithtear an mhóin isteach ar lár agus tógtar móin thart air sa gcaoi is go mbíonn sé cruinn, nuair a bhíonn sé déanta. Bíonn sé cung ar a bharr. Ansin déantar cruacha beaga móna de ar an bportach agus fágtar mar sin é go dtí go dtugtar abhaile é. Dá mbeadh sé le fágáil sa bportach le haghaidh an gheimhridh d'fhágfaí iad sa gcaoi is nach ngabhfadh aon deor uisce tríothu. Fadó thugtaí abhaile an móin le cléibh agus le asail agus pardógaí. Nuair atá an mhóin uilig sa mbaile déantar cruach móna de. Déantar gríobh de na fóide, ag síneach fód ar fhód ar fhad na cruaiche agus dá cúngú isteach ar an bealach suas sa gcaoi is nach mbíonn ag an mbarr ach thart ar dhá fhód ar leithead.